COMHAIRLE AN
AONTAIS EORPAIGH

GA

6675/12

(OR. en)

PRESSE 56
PR CO 8

# PREASEISIÚINT

An 3147ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás)

An Bhruiséil, 20-21 Feabhra 2012

| | |
|---|---|
| An tUachtarán | **Ole SOHN**<br>An tAire Gnó agus Fáis<br>**Morten ØSTERGAARD**<br>Aire Eolaíochta, Nuálaíochta agus Ardoideachais na Danmhairge |

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 8847 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*Phléigh an Chomhairle* ***straitéis Eoraip 2020 don fhás agus don fhostaíocht*** *maidir le* ***Suirbhé Bliantúil Fáis*** *an Choimisiúin, mar ullmhúchán do Chruinniú Mullaigh Earraigh an AE a bheidh ar siúl an 1 agus an 2 Márta.*

*Tionóladh plé poiblí faoi thrí réimse tosaíochta, a áirítear sa* ***Ghníomh um*** *an* ***Margadh Aonair****, a ceapadh chun cabhrú le cuideachtaí de chuid an AE a n-iomaíochas agus a gcumas cruthaithe post a ardú:*

– *athchóiriú ar na* ***rialacha cuntasaíochta****, agus béim faoi leith á leagan ar thogra do thrédhearcacht maidir le híocaíochtaí a dhéantar le rialtais;*

– *nuachóiriú ar an mbeartas um* ***sholáthar poiblí****; agus*

– *feabhas a chur ar an* ***rochtain atá ag na Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide*** *ar mhaoiniú trí phas AE a bhunú do bhainisteoirí cistí caipitil fiontair agus cistí um fhiontraíocht shóisialta.*

*Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le clár oibre na* ***rialála cliste****, lena ndíreofar ar an timpeallacht rialála ina n-oibríonn fiontair an AE a shimpliú agus béim láidir á leagan ar úsáideoirí deiridh.*

*Thug na toscaireachtaí dá n-aire an fhaisnéis ón Uachtaránacht faoin dul chun cinn atá déanta maidir le* ***pacáiste na bpaitinní****.*

*Reáchtáil an Chomhairle díospóireacht maidir leis an gcreatchlár straitéiseach nua a bheidh ann amach anseo chun* ***taighde agus nuálaíocht a*** *mhaoiniú sna blianta 2014 go 2020, ar a dtugtar* ***"Fíor na Spéire 2020"****. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún cur i láthair ag an gComhairle maidir leis na céimeanna atá á mbeartú sa todhchaí don* ***Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht*** *(EIT).*

*I réimse an spáis, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an* ***GMES -clár suaitheanta an spáis*** *(an Clár Eorpach um Fhaire na Cruinne) - a chur chun feidhme ó 2014 ar aghaidh.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** .......... **5**

**MÍREANNA A PLÉADH**

AN SUIRBHÉ BLIANTÚIL FÁIS: ULLMHÚCHÁN DO CHOMHAIRLE EORPACH AN EARRAIGH .......... 8

ATHCHÓIRIÚ AR AN mBEARTAS UM SHOLÁTHAR POIBLÍ .......... 10

ATHBHREITHNIÚ AR NA CEANGLAIS CHUNTASAÍOCHTA i gCÁS CUIDEACHTAÍ .......... 12

CISTÍ CAIPITIL FIONTAIR AGUS CISTÍ UM FHIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA .......... 14

CLÁR OIBRE NA RIALÁLA CLISTE - *Conclúidí ón gComhairle* .......... 15

CREATCHLÁR UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT: "FÍOR NA SPÉIRE 2020" .......... 16

AN INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT (EIT) .......... 18

NA BEARTA ATÁ Á nDÉANAMH I nDIAIDH NA gCONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LEIS AN NUÁLAÍOCHT .......... 19

AN CLÁR EORPACH UM FHAIRE NA CRUINNE (an clár GMES) .......... 20

AON GHNÓ EILE .......... 21

Cosaint aonadach paitinne .......... 21

An bithgheilleagar: plean gníomhaíochta don nuálaíocht agus don fhás glas .......... 21

An Limistéar Eorpach Taighde: torthaí an chomhairliúcháin phoiblí .......... 22

ITER: an tImoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta .......... 22

[1]
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

## MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

*IOMPAR*


– Idirinoibritheacht na n-iarnród Eorpach - feidhmeanna teileamaitice do sheirbhísí lastais ........ 23

– Spriocanna coitianta maidir le sábháilteacht iarnród ........ 23


*DLÍ AN BHIA*


– Dathanna bia - Rialú dé-ocsainí agus ábhair shalaithe eile in earraí bia ........ 24


*CULTÚR*


– Painéal an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh - Ceapacháin ........ 24

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Johan VANDE LANOTTE | LeasPhríomh-Aire agus an tAire Geilleagair, Tomhaltóirí agus na Mara Thuaidh |
| Jean-Marc NOLLET | Leas-Uachtarán agus an tAire um Leanaí, um Thaighde agus um an Státseirbhís |
| Kris PEETERS | Aire-Uachtarán an Rialtais Phléimeannaigh agus an tAire Pléimeannach um an nGeilleagar, um Beartas Eachtrach, um Thalmhaíocht agus um Beartas Tuaithe |
| Paul MAGNETTE | An tAire Fiontar Poiblí, Beartais Eolaíochta agus Comhair um Fhorbairt, a bhfuil freagracht air maidir le Bailte Móra |
| **An Bhulgáir:** | |
| Julieta HUBENOVA | An Leas-Aire um an nGeilleagar, Fuinneamh agus Turasóireacht |
| Peter STEFANOV | Leas-Bhuanionadaí |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Martin TLAPA | An Leas-Aire Tionscail agus Trádála |
| Ivan WILHELM | An Leas-Aire Taighde agus Ardoideachais |
| **An Danmhairg:** | |
| Ole SOHN | An tAire Gnóthaí Gnó agus Fáis |
| Morten ØSTERGAARD | An tAire Eolaíochta, Nuálaíochta agus Ardoideachais |
| Michael DITHMER | Buan-Státrúnaí, Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Gnó na Danmhairge |
| **An Ghearmáin:** | |
| Peter HINTZE | Státrúnaí Parlaiminte don Aire Cónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Teicneolaíochta |
| Birgit GRUNDMANN | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Dlí agus Cirt |
| Georg SCHÜTTE | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Oideachais agus Taighde |
| **An Eastóin:** | |
| Gert ANTSU | Leas-Bhuanionadaí |
| **Éire:** | |
| Richard BRUTON | An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Seán SHERLOCK | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Taighde agus Nuálaíocht (An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) |
| **An Ghréig:** | |
| Andreas PAPASTAVROU | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Spáinn:** | |
| Carmen VELA | An Státrúnaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta |
| José Pascual MARCO MARTINEZ | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Fhrainc:** | |
| Jean LEONETTI | An tAire a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha, a ghabhann leis an Ministre d'Etat, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha |
| Philippe LEGLISE-COSTA | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Iodáil:** | |
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| Francesco PROFUMO | An tAire Oideachais, Ollscoileanna agus Taighde |
| **An Chipir:** | |
| George ZODIATES | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Laitvia:** | |
| Daniels PAVĻUTS | An tAire Eacnamaíochta |
| Mareks GRUŠKEVICS | Státrúnaí, An Aireacht Oideachais agus Eolaíochta |

| | |
|---|---|
| **An Liotuáin:** | |
| Giedrius KADZIAUSKAS | An Leas-Aire Eacnamaíochta |
| Nerija PUTINAITE | An Leas-Aire Oideachais agus Eolaíochta |
| **Lucsamburg:** | |
| Etienne SCHNEIDER | An tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Trádála Eachtraí |
| Michèle EISENBARTH | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ungáir:** | |
| Zoltán CSÉFALVAY | An tAire Stáit Gnóthaí Straitéiseacha, an Aireacht um an nGeilleagar Náisiúnta |
| **Málta:** | |
| Jason AZZOPARDI | An tAire um Iomaíochas Cothrom, um Ghnólachtaí Beaga agus um Thomhaltóirí |
| **An Ísiltír:** | |
| Derk OLDENBURG | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Ostair:** | |
| Karlheinz TÖCHTERLE | An tAire Cónaidhme Oideachais agus Taighde |
| Harald GÜNTHER | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Pholainn:** | |
| Barbara KUDRYCKA | An tAire Eolaíochta agus Ardoideachais |
| Andrzej DYCHA | An Leas-Aire um an nGeilleagar |
| **An Phortaingéil:** | |
| Carlos OLIVEIRA | An Státrúnaí Fiontair, Iomaíochais agus Nuálaíochta |
| Maria Leonor PARREIRA | An Státrúnaí Eolaíochta |
| **An Rómáin:** | |
| Dragos Mihael CIUPARU | Státrúnaí, Uachtarán an Údaráis Náisiúnta um Thaighde Eolaíoch |
| Cristian BADESCU | Leas-Bhuanionadaí |
| **An tSlóivéin:** | |
| Žiga TURK | An tAire Oideachais, Eolaíochta agus Spóirt |
| Uroš VAJGL | Leas-Bhuanionadaí |
| **An tSlóvaic:** | |
| Peter JAVORČÍK | Leas-Bhuanionadaí |
| **An Fhionlainn:** | |
| Lauri IHALAINEN | An tAire Saothair |
| Jyri HÄKÄMIES | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An tSualainn:** | |
| Ewa BJÖRLING | An tAire Trádála |
| Stefan ATTEFALL | An tAire Riaracháin Phoiblí agus Tithíochta |
| Peter HONETH | An Státrúnaí a bhfuil freagracht air maidir le hardoideachas agus taighde, an Aireacht Oideachais |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| Norman LAMB | An tAire um Chaidreamh Fostaíochta, Tomhaltóirí agus Gnóthaí Poist |
| Andy LEBRECHT | Leas-Bhuanionadaí |

............................................................

| | |
|---|---|
| **An Coimisiún:** | |
| Antonio TAJANI | An Leas-Uachtarán |
| Michel BARNIER | Comhalta |
| Androulla VASSILLIOU | Comhalta |
| Máire GEOGHEGAN-QUINN | Comhalta |

............................................................

Rinneadh ionadaíocht ar Rialtas an Stáit Aontaigh mar a leanas:

**<u>AN CHRÓIT</u>**

| | |
|---|---|
| Željko JOVANOVIĆ | An tAire Eolaíochta, Oideachais agus Spóirt |
| Tamara OBRADOVIĆ MAZAL | An Leas-Aire um an nGeilleagar |

## ÍTIMÍ A PLÉADH

## AN SUIRBHÉ BLIANTÚIL FÁIS: ULLMHÚCHÁN DO CHOMHAIRLE EORPACH AN EARRAIGH

Phléigh an Chomhairle Suirbhé Bliantúil Fáis 2012, mar chuid de phlé ábhartha uile na Comhairle a rinneadh mar ullmhúchán do chruinniú mullaigh Earraigh den Chomhairle Eorpach a bheidh ar siúl an 1 agus an 2 Márta.

Leag sí béim ar na bearta arbh fhéidir leo, faoi shainordú na Comhairle Iomaíochais, feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus breisluach a chruthú sa ghearrtéarma agus san fhadtéarma araon, lena n-áirítear:

– iomaíochas a chur chun cinn trí fhás inbhuanaithe, rud a thugann gníomhaíochtaí nithiúla le fios arbh fhéidir leis an Ríomh-Mhargadh Aonair agus an margadh inmheánach do sheirbhísí a chur i bhfeidhm, chomh maith le cabhrú le cuideachtaí AE a gcumas trádála seachtraí a fhorbairt;

– rochtain ar airgeadais a éascú do chuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear trí ionstraimí airgeadais amhail ráthaíochtaí iasachta agus infheistíochtaí caipitil fiontair a úsáid níos mó; agus

– nuachóiriú a dhéanamh ar an riarachán poiblí, tríd an timpeallacht rialála gnó a shimpliú agus trí ríomhthionscnaimh Rialtais a éascú.

Ní mór athchóirithe agus gníomhaíochtaí an mhargaidh aonair a chomhlánú le níos mó infheistíochta i dtaighde agus i nuálaíocht agus i réimsí eile lena gcuirtear leis an bhfás. Tá gá le níos mó beart neartaithe ó thaobh na nuálaíochta de chun cabhrú leis an ngeilleagar Eorpach a chur ar ais ar a sheanléim agus le dul i ngleic le dushláin chomhchoiteanna sa tsochaí trí, i measc nithe eile, gealltanais an Aontais Nuálaíochta a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, i gcomhthéacs an chomhdhlúthaithe fhioscaigh, is gnéithe fíorthábhachtacha iad an taighde agus an nuálaíocht i bhfoirmiú straitéisí iomchuí san AE agus ar an leibhéal náisiúnta don fhás agus do chruthú post. Sa chomhthéacs sin, shonraigh airí a thábhachtaí a bhí sé go ndéanfaí leibhéal na n-infheistíochtaí sna réimsí sin a chothabháil nó a mhéadú agus go gcloífí le spriocanna uaillmhianacha i ndáil le taighde agus forbairt.

D'fhoilsigh an Coimisiún an Suirbhé Fáis don bhliain 2012 mí na Samhna seo caite, arbh anailís é ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí Eoraip 2020 chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a chruthú[1].

[1] http://ec.europa.eu/europe2020/pdf/ags2012_en.pdf

D'fhonn fás agus iomaíochas a spreagadh, moltar sa teachtaireacht go ndíreodh iarrachtaí ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal náisiúnta ar na cúig thosaíocht a leanas: dul sa tóir ar chomhdhlúthú fioscach a bheadh difreálaithe agus lena gcothaítear fás; gnáthiasachtú a chur i bhfeidhm sa gheilleagar arís; fás agus iomaíochas a chur chun cinn; dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus le hiarmhairtí sóisialta na géarchéime; agus nuachóiriú a dhéanamh ar an riarachán poiblí.

Seoltar an seimeastar Eorpach leis an Suirbhé Bliantúil Fáis, ar cuid é den struchtúr nua rialachais chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais bhuiséadacha agus struchtúrtha na mballstát d'fhonn míréireachtaí agus míchothromaíochtaí atá ag teacht chun cinn a thabhairt chun solais. Is í an sprioc atá leis sin an comhordú a threisiú agus mórchinntí buiséadacha fós á n-ullmhú.

Déanfaidh Comhairle Eorpach an Earraigh na príomhdhúshláin eacnamaíocha nach mór don AE aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus cuirfidh sí comhairle straitéiseach ar fáil. Agus an treoir seo á tabhairt ar aird, cuirfidh na ballstáit a straitéisí buiséadacha i láthair ina gcláir um chobhsaíocht nó um chóineasú. Ag an am céanna, dréachtóidh siad cláir athchóirithe náisiúnta lena leagfar amach an ghníomhaíocht atá le glacadh chun a mbeartais a neartú i réimsí éagsúla.

## ATHCHÓIRIÚ AR AN mBEARTAS UM SHOLÁTHAR POIBLÍ

Thionóil an Chomhairle díospóireacht beartais maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar an mbeartas um sholáthar poiblí.

Ba é sin an chéad díospóireacht idir na hairí ó chuir an Coimisiún tograí i láthair, i mí na Nollag 2011, le haghaidh athchóirithe ollmhóir ar rialacha um sholáthar poiblí ar fud an AE.

Cuireann toradh na ndíospóireachtaí treoir ar fáil chun leanúint leis an obair theicniúil. Is í an sprioc idirthréimhseach teacht ar chomhaontú maidir le príomhphrionsabail an athchóirithe ag an gComhairle Iomaíochais a bheidh ar siúl i mí Bealtaine, chun go ndéanfaí, ag an deireadh, an t-athchóiriú a fhormheas i gcomhreachtaíocht le Parlaimint na hEorpa faoi dheireadh 2012.

Seo a leanas na trí thogra chun an soláthar poiblí a nuachóiriú:

– dréacht-treoir lena mbunaítear an ceart nua reachtach (a ghabhann ionad treoir 2004/18/CE) (*18966/11*);

– dréacht-treoir maidir le soláthar d'eintitis i seirbhísí an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus an phoist (a ghabhann ionad treoir 2004/17/CE) (*18964/11*); agus

– dréacht-treoir maidir le conarthaí lamháltais a dheonú.*(18960/11)*.

Tá an t-athchóiriú reatha ar rialacha soláthair phoiblí, atá ann ó 2004, ar cheann de dhá cheann déag de ghníomhartha tosaíochta atá sa "Ghníomh um an Margadh Aonair[1]".

Díríodh sa díospóireacht ar an gcreat nua ginearálta dlíthiúil. Díríodh go sonrach ar dhá ghné a chuir an Uachtaránacht chun cinn *(6436/12)*:

[1] http://ec.europa.eu/internal_market/smact/index_en.htm

*1. An leibhéal solúbthachta ba cheart a chur i bhfeidhm agus nósanna imeachta iomaíochais á n-úsáid i gcaibidlíocht.*

Luaigh tromlach na dtoscaireachtaí gur cheart go mbeifí in ann úsáid níos fairsinge a bhaint as nósanna imeachta i gconarthaí poiblí, agus gur cheart go gcuirfí coimircí áirithe i bhfeidhm chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le tairiscintí. B'fhearr le roinnt toscaireachtaí eile go mbainfí úsáid theoranta as an nós imeachta seo i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún.

I gcomparáid leis na rialacha reatha, molann an Coimisiún go méadófaí liosta na gcásanna inar féidir le ballstáit an nós imeachta iomaíochais i gcaibidlíocht a cheadú, ach ní go bhforálfaí go mbeadh rochtain neamhtheoranta ar an nós imeachta.

*2. Rialacha do chatagóirí áirithe seirbhísí: sóisialta, cultúrtha, sláinte, srl.*

Chuir go leor toscaireachtaí i bhfáth gur cheart go mbainfí an chothromaíocht chuí amach idir éifeachtúlacht a chur chun cinn trí iomaíochas agus conarthaí á dtabhairt amach, agus rialacha soláthair phoiblí do sheirbhísí áirithe a shimpliú.

Molann an Coimisiún go gcuirfidh deireadh leis an idirdhealú reatha a bhaineann le seirbhísí áirithe ar féidir a sheachtrú faoi chórais níos simplí (sóisialta, cultúrtha, sláinte, oideachais, srl.), chun go mbainfeadh rialacha caighdeánacha leis na seirbhísí uile mura ndéanfar iad a dhíolmhú go sainráite.

**ATHBHREITHNIÚ AR NA CEANGLAIS CHUNTASAÍOCHTA i gCÁS CUIDEACHTAÍ**

Thionóil an Chomhairle díospóireacht beartais maidir le athbhreithniú ar na rialacha cuntasaíochta a bhaineann le cuideachtaí an AE, inar pléadh go sonrach tuairisciú ar íocaíochtaí le rialtais.

Cuirtear treoir ar fáil le toradh na ndíospóireachtaí chun leanúint leis an obair theicniúil d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le simpliú na dtreoracha cuntasaíochta faoi dheireadh mhí Mheithimh na bliana 2012, i gcomhréir le hiarraidh a rinne an Chomhairle Eorpach.

An togra maidir le hoibleagáid tuarascáil a thabhairt ar íocaíochtaí a dhéanann an tionscal eastóscach agus lománaithe foraoise príomhúla le rialtais (dá ngairtear tuairisciú tír-ar-thír freisin), is cuid de straitéis "gnó atá freagrach ar bhonn sóisialta" an Chomisiúin é. Cuirtear san áireamh é sa dréacht-treoir a ghabhfaidh ionad na "treoracha cuntasaíochta" reatha *(16250/11)*.

Pléann na "treoracha cuntasaíochta" le ráitis bhliantúla agus chomhdhlúite airgeadais ó chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta san Eoraip. Is iad sin:

– an Ceathrú Treoir ón gComhairle maidir leis na cuntais bhliantúla de chineálacha áirithe cuideachtaí (78/660/CEE), an 25 Iúil 1978), agus

– an Seachtú Treoir ón gComhairle maidir le cuntais chomhdhlúite (83/349/CEE), an 13 Meitheamh 1983.

Tá an dréacht-treoir nua, a cuireadh i láthair mí na Nollag seo caite mar chuid de ghníomhaíochtaí tosaíochta an Ghnímh um an Margadh Aonair, atá le glacadh ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa faoin ngnathnós imeachta reachtach.

Seo a leanas príomhchuspóirí an athbhreithnithe atá molta:

– an t-ualach riaracháin a laghdú agus rialacha cuntasaíochta do FBManna a shimpliú;

– cur le soiléire agus inchomparáideacht na ráiteas airgeadais; agus

– feabhas a chur ar thrédhearcacht na n-íocaíochtaí a dhéanann an tionscal eastóscach agus lomanaithe foraoise príomhúla le rialtais.

Bunaithe ar cheistneoir ón Uachtaránacht *(5930/12)*, dhírigh an t-idirphlé ar an gcuspóir deireanach seo.

D'fhonn freagracht, trédhearcacht agus dea-rialachas na rialtas a chur chun cinn, tugtar isteach leis an togra ceanglais nua tuairiscithe do ghnóthais mhóra agus do na heintitis uile a bhfuil baint acu leis an leas poiblí agus atá gníomhach sa tionscal eastóscach nó i lománaíocht foraoiseacha príomhúla. Moltar sa dréacht-treoir go ndéanfaidh na cuideachtaí sin na híocaíochtaí a dhéanann siad le rialtais sna tíortha uile ina bhfeidhmíonn siad agus na híocaíochtaí a dhéanann siad i leith a gcuid tionscadal uile a nochtadh.

Léiríodh le hidirphlé na nAirí go raibh glacadh soiléir leis an gcuspóir trédhearcacht sa réimse seo a fheabhsú. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl, áfach, go bhfuil gá scrúdú níos mine a dhéanamh ar an togra chomh maith le gach gné den tionchar a bheidh ag an reachtaíocht mholta ar iomaíochas na ngnóthas Eorpach a mheas.

Léirigh líon mór toscaireachtaí imní i dtaobh tuairiscithe ar leibhéal "tionscadail". Ina theannta sin, léirigh an chuid is mó de na toscaireachtaí an toil go gcuirfí sainmhíniú ar "ábharthacht" íocaíochtaí sa treoir a bheidh ann amach anseo.

## CISTÍ CAIPITIL FIONTAIR AGUS CISTÍ UM FHIONTRAÍOCHT SHÓISIALTA

Thionóil an Chomhairle díospóireacht beartas faoi na dréachtrialacháin maidir le Cistí Caipitil Fiontair Eorpacha (*18499/11*) agus maidir le Cistí um Fhiontraíocht Shóisialta Eorpacha (*18491/11*).

Cuireadh na tograí isteach i mí na Nollag seo caite agus tá siad mar chuid den Ghníomh um an Margadh Aonair agus de phlean gníomhaíochta an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBDanna) ar mhaoiniú (*18619/11*).

Thacaigh na hAirí le cuspóir foriomlán na dtograí agus tá rún daingean acu dul i mbun idirbheartaíochta le Parlaimint na hEorpa go luath, d'fhonn teacht ar chomhaontú faoi mhí Mheithimh 2012, mar atá iarrtha ag an gComhairle Eorpach (*6277/12*).

Is é atá mar chuspóir foriomlán ag na tograí fás na FBManna a chothú trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhaoiniú trí phas uile-AE a bhunú do bhainisteoirí cistí caipitil fiontair (EuVECA) agus do bhainisteoirí cistí um fhiontraíocht shóisialta (CEFS) maidir leis an margaíocht a dhéantar ar a gcistí.

Tugtar isteach leis na tograí ceanglais aonfhoirmeacha maidir le bainisteoirí gnóthas comhinfheistíochta atá ag iarraidh feidhmiú faoin bpas uile-AE. Tugtar isteach leo ceanglais maidir leis an bpunann infheistíochta, na teicnící infheistíochta agus na gnóthais incháilithe a bhféadfaí díriú orthu le ciste cáilitheach. Tugtar isteach leo freisin rialacha aonfhoirmeacha maidir leis na catagóirí infheisteoirí a bhféadfaí díriú orthu le ciste cáilitheach agus maidir le heagrú inmheánach na mbainisteoirí a dhéanann na cistí cáilitheacha sin a mhargú. Cuideoidh rialacha comhionanna substainteacha ar fud an AE an deis chéanna a thabhairt do rannpháirtithe uile an mhargaidh.

Thug an Coimisiún isteach tograí ar leith do EuVECA agus do CEFS, toisc go bhfuil an dá chineál ciste éagsúil óna chéile. De ghnáth, díríonn EuVECA ar chaipiteal cothromais a chur ar fáil do FBManna sa chéad chéim dá ngnó, cé go mbíonn réimse níos mó uirlisí infheistíochta cáilitheacha ar fáil ag CEFS go minic, amhail cómhaoiniú na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí, ionstraimí fiachais nó iasachtaí beaga.

Le cistí caipitil fiontair, cuirtear caipiteal cothromais ar fáil do chuideachtaí a bhíonn iontach beag i gcoitinne agus tús á chur acu lena bhforbairt chorparáideach. San AE, tá acmhainn mhór nach bhfuil saothraithe den chuid is mó ag an gcistiú caipitil fiontair. Is féidir le FBManna a fhaigheann tacaíocht ó chaipiteal fiontair poist ardcháilíochta a chruthú, mar go dtacaítear le cruthú gnólachtaí nuálacha le caipiteal fiontair.

**<u>CLÁR OIBRE NA RIALÁLA CLISTE -</u>** *Conclúidí ón gComhairle*

Ghlac an Chomhairle conclúidí (*6341/12*) maidir le clár oibre na rialála cliste atá beartaithe, ina ndíreofar go mór ar an úsáideoir deiridh: gnólachtaí, go háirithe FBManna agus micrifhiontair, tomhaltóirí, údaráis riaracháin phoiblí, etc.

Trí na conclúidí sin, iarrfaidh an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh feabhais a chur ar chlár oibre na rialála cliste trí, i measc nithe eile, bheith ag smaoineamh ar na húsáideoirí deiridh agus trí dheis a thabhairt dóibh a bheith páirteach sna meastóireachtaí ar an rialáil le hualaí iomarcacha, neamhréireachtaí agus bearta atá dulta as feidhm nó atá neamhéifeachtach a shainaithint, agus an chuid sin den ualach rialála nach bhfuil gá leis a laghdú.

**CREATCHLÁR UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT: "FÍOR NA SPÉIRE 2020"**

Reáchtáil an Chomhairle díospóireacht maidir leis an gcomhchreat straitéiseach nua um thaighde agus nuálaíocht do 2014-2020, "Fíor na Spéire 2020".

Reáchtáladh an díospóireacht ar bhonn tuarascála a chuir an Uachtaránacht i láthair lenar díríodh ar dhá phríomhábhar dhifriúla: saincheisteanna leathana laistigh de chlár Fíor na Spéire 2020 (amhail comhar idirnáisiúnta agus ról na n-eolaíochtaí sóisialta agus an léinn dhaonna), agus rannpháirtíocht FBManna i bhFíor na Spéire 2020 (6281/12).

Chuir cuid mhaith ballstát béim ar na buntáistí a bhaineann leis na heolaíochtaí sóisialta agus an léann daonna a leabú i dtionscadail taighde chun tabhairt faoi dhúshláin shochaíocha ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh comhtháthú na ngnéithe sin a bheith ina chabhair sa phróiseas nuálaíochta i dtéarmaí an chumais fhadhbréitigh a mhéadú.

Thug roinnt toscaireachtaí ar aird, ag tógáil ar thaithí a fuarthas roimhe agus ar obair an Fhóraim Straitéisigh don Chomhar Idirnáisiúnta (FSCI), go bhféadfadh níos mór sochar cómhalartach, trí straitéis dhírithe a roghnú, teacht as cur chuige réamhghníomhach ón AE agus a Bhallstáit maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta i dtaighde agus forbairt. Thug Airí dá n-aire freisin an fógra ón gCoimisiún faoi theachtaireacht atá le heisiúint maidir leis na gnéithe sin sna míonna atá le teacht.

Mar chríoch, léirigh na toscaireachtaí tacaíocht láidir i dtaobh rannpháirtíocht FBManna a éascú sa phróiseas nuálaíochta trí bhithín gníomhaíochtaí atá le déanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE araon, amhail ionstraimí a shimpliú do FBManna, braislí a chur chun cinn, rochtain níos fearr ar chaipiteal fiontair, comhpháirtíochtaí, deiseanna méadaithe ó sholáthar poiblí, comhoibriú le hollscoileanna, etc.

Is é sprioc na hUachtaránachta comhthuiscint a bhaint amach laistigh den Chomhairle ar ábhar an chreatchláir faoi mhí na Bealtaine 2012, chun an bealach a réiteach i gcomhair oibre a dhéanfar as seo amach agus formheas tráthúil ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa a dhaingniú. Tiocfaidh Fíor na Spéire 2020 in ionad an 7ú creatchlár um thaighde (FP7) de chuid an AE, a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2013.

Maidir leis an anailís leanúnach a bhfuil saineolaithe AE á cur i gcrích, chuir an Chomhairle san áireamh príomhthorthaí na chéad díospóireachta beartais an 6 Nollaig, chomh maith le toradh an phlé a rinneadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí i gCóbanhávan an 2 Feabhra [1]. Díríodh sa chruinniú neamhfhoirmiúil aireachta ar thrí cheist maidir le Fíor na Spéire 2020: comhlántachtaí le cláir AE eile agus, go háirithe, cistí beartais chomhtháthaithe; simpliú, agus an tábhacht a bhaineann leis an mbearna idir taighde agus nuálaíocht a dhúnadh.

[1] http://eu2012.dk/en/NewsList/Februar/Week-5/Compet-research

Táthar ag súil go scriosfar, leis an gcreatchlár nua do thaighde, an ilroinnt sa réimse seo agus go n-áiritheofar tuilleadh comhtháiteachta, *inter alia* le cláir náisiúnta taighde. Cuirfidh "Fíor na Spéire 2020" leis an gcoincheap reatha FP7, leis an gClár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (CIP) agus leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT). Beidh dlúthbhaint aige leis na príomhthosaíochtaí earnála, amhail sláinte, slándáil bia, fuinneamh agus an t-athrú aeráide, etc., agus beidh baint mhór aige freisin le beartas comhtháthaithe agus le forbairt na tuaithe.

Chuir an Coimisiún i láthair ar an 30ú lá de mhí na Samhna na codanna éagsúla den chlár a bheidh ann amach anseo.

http://ec.europa.eu/research/horizon2020/index_en.cfm

**AN INSTITIÚID EORPACH UM NUÁLAÍOCHT AGUS TEICNEOLAÍOCHT (EIT)**

Thug an Chomhairle dá haire cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis an gcur chun feidhme straitéiseach agus maidir le rialachán leasaithe don Instítiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) (*18090/11*).

Leanfaidh an EIT, a cuireadh ar bun i mí an Mhárta 2008, de chumas nuálaíochta an AE agus na mBallstát a threisiú agus leanfaidh sé á chur leis an sprioc ginearálta de Fhíor na Spéire 2020, is é sin "triantán eolais" an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta a chomhtháthú. Tarlaíonn an comhtháthú seo go príomha trí na Comhphobail Eolais agus Nuálaíochta, ina dtugtar eagraíochtaí le chéile ar bhonn fadtéarmach chun freagairt do dhúshláin mhóra shochaíocha.

Faoi Fhíor na Spéire 2020, gheobhadh an EIT ranníocaíocht airgeadais €3.1 billiún don tréimhse 2014 go 2020.

I gcinneadh ar leith, déanfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa príomhréimsí chlár straitéiseach an EIT a shainiú don tréimhse seacht mbliana *(18091/11)*.

*Láithreán gréasáin an EIT: http://eit.europa.eu/*

**NA BEARTA ATÁ Á nDÉANAMH I nDIAIDH NA gCONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LEIS AN NUÁLAÍOCHT**

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ón Uachtaránacht *(6279/1/12)* maidir leis na forbairtí atá déanta i dtaighde agus nuálaíocht i ndiaidh na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 4 Feabhra 2011, inar díríodh ar fhuinneamh agus nuálaíocht *(EUCO 2/11)*.

Tá an tuarascáil le cur faoi bhráid na chéad Comhairle Eorpaí eile, a bheidh ar siúl an 1 agus an 2 Márta.

Ina cuid conclúidí, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm chun gus breise a chur faoin nuálaíocht chun tairbhe iomlán a bhaint as caipiteal intleachtúil na hEorpa, rud a rachadh chun leas na saoránach, na gcuideachtaí – go mórmhór na FBManna – agus chun leas an lucht taighde.

**AN CLÁR EORPACH UM FHAIRE NA CRUINNE (an clár GMES)**

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil leis an gClár Eorpach um Fhaire na Cruinne (GMES) agus na hoibríochtaí ón mbliain 2014 ar aghaidh a bhaineann leis *(17072/11)*.

Tugadh aghaidh sa díospóireacht ar pheirspíochtaí don am atá le teacht agus ar na samhlacha is oiriúnaí maidir le rialachas agus le maoiniú fadtéarmach chlár GMES. Cuireadh béim ar an ngá le foirm oiriúnach a aimsiú i gcomhair oibre leantaí oibríochtúla breise.

Bunaíodh an clár GMES le rialachán 911/2010[1]. Taobh le córas satailíte loingseoireachta "Galileo", is clár suaitheanta de chuid bheartas spáis an AE é. Ceann de na cláir is ea an GMES freisin le seachadadh faoi straitéis an Eoraip 2020 i gcomhair fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh agus áiríodh é i dtionscnamh beartais thionsclaíoch Eoraip 2020 toisc na sochair a bhaineann leis do bheartais iomadúla an Aontais.

Leis an rún *(18232/11) a* glacadh ag an 8ú Comhairle Spáis idir an AE agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) an 6 Nollaig, cuireadh béim ar an ról tábhachtach a imreoidh an GMES chun rochtain neamhspleách a áirithiú don Eoraip chun faisnéis bhunriachtanach a bhailiú chun tacú leis an gcomhshaol, slándáil, cabhair dhaonnúil, cosaint shibhialta agus na réimsí téamacha eile a chumdaítear leis an GMES.

Láithreán gréasáin an GMES: *http://www.gmes.info*

[1] Irish Oifigiúil an AE L 276, 20.10.2010.

## AON GHNÓ EILE

**Cosaint aonadach paitinne**

Mheabhraigh an Uachtaránacht di ráiteas an 30 Eanáir a rinne Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe i gcomhair cosaint aonadach paitinne a chruthú lenar gheall siad go dtiocfaí ar chomhaontú deiridh faoin saincheist deiridh atá fós gan réiteach sa phacáiste paitinne faoi mhí an Mheithimh 2012 ar a dhéanaí *(5/12,)*.

Leagadh béim sa ráiteas ar na sochair thábhachtacha a chuirfear ar fáil do chuideachtaí Eorpacha leis an gcóras nua i dtéarmaí acmhainne nuálaíochta, coigiltis eacnamaíocha agus deimhneachta dlíthiúla, agus gealladh chomh maith go ndéanfaí gach iarracht comhréiteach deiridh a éascú.

Mhol roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún go dtabharfadh na Ballstáit dréacht-chomhaontú chun Cúirt Aontaithe Phaitinne a bhunú chun críche.

Tháinig an Chomhairle agus an Pharlaimint ar chomhaontú sealadach maidir leis an dá dhréacht-rialachán lena gcuirtear comhar níos fearr chun feidhme i ndáil le cosaint aonadach paitinne.

Tá an tríú colún den chóras paitinne, Cúirt Aontaithe Phaitinne a chruthú a thabharfadh breithiúnas ar chásanna dlíthíochta paitinní, fós ar feitheamh go dtí go dtiocfaí ar chomhaontú maidir le suíomh na Cúirte.

**An bithgheilleagar: plean gníomhaíochta don nuálaíocht agus don fhás glas**

Le linn lóin neamhfhoirmiúil, roinn airí tuairimí maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún "An bithgheilleagar: plean gníomhaíochta don nuálaíocht agus don fhás glas", a eisíodh an 13 Feabhra (*6487/12*).

Chuir airí in iúl go bhféadfaí leis an mbithgheilleagar cur go mór le sochaí a bheadh níos nuálaí, níos tíosaí ar acmhainní agus níos iomaíche.

Leagtar amach sa teachtaireacht plean ina bhfuil 12 ghníomhaíocht chun straitéis bhithgheilleagair a chur chun feidhme.

**An Limistéar Eorpach Taighde: torthaí an chomhairliúcháin phoiblí**

Thug an Chomhairle dá haire an anailís a rinne an Coimisiún ar thorthaí comhlairliúcháin phoiblí a raibh mar sprioc aige tuairimí agus fianaise a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir leis na constaicí is mó is gá a shárú, agus maidir leis na bealaí is fearr ina bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu, chun Limistéar Eorpach Taighde atá ag feidhmiú go maith a bhaint amach faoi 2014 (*6537/12*).

*Láithreán gréasáin an ERA: http://ec.europa.eu/research/era/index_en.htm*

**ITER: an tImoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta**

Thug na Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón gCoimisiún faoin dul chun cinn atá déanta maidir le tionscadal ITER *(6599/12)*

I mí na Nollag 2011, chuir an Coimisiún togra isteach i gcomhair cláir taighde fhorlíontaigh faoin gConradh Euratom don tréimhse 2014-2018 *(5058/12)*.

*Láithreán gréasáin ITER:* http://www.iter.org/

## ÍTIMÍ EILE A FORMHEASADH

### *IOMPAR*

**Idirinoibritheacht na n-iarnród Eorpach - feidhmeanna teileamaitice do sheirbhísí lastais**

Chinn an Chomhairle gan dul i gcoinne cinneadh a bheith á ghlacadh ag an gCoimisiún lena leasaítear an tsonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fo-chóras "feidhmeanna teileamaitice do sheirbhísí lastais" an chórais iarnróid tras-Eorpaigh (5184/12*)*.

Nuashonraítear leis an leasú na rialacha mionsonraithe a bhaineann le feidhmiú na sonraíochta teicniúla agus na rialacha maidir le hathrú a bhainistiú, a chuirfidh gnóthais iarnród, bainisteoirí bonneagair agus coimeádaithe vaigíní i bhfeidhm.

Tá an dréachtrialachán faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú; anois go bhfuil a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an gníomh sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

**Spriocanna coitianta maidir le sábháilteacht iarnród**

Chinn an Chomhairle gan dul i gcoinne cinneadh a bheith á ghlacadh ag an gCoimisiún i ndáil le spriocanna coitianta maidir le sábháilteacht iarnród (5313/12*)*.

Sainmhínítear leis na spriocanna coitianta sábháilteachta na leibhéil sábháilteachta nach mór a bheidh á bhfeidhmiú ag an gcóras iarnród, a chuirtear in iúl sna critéir glactha maidir le riosca cainníochtúil do chatagóirí riosca éagsúla amhail rioscaí do phaisinéirí, don fhoireann, do dhaoine a mbaineann úsáid as crosaire comhréidh nó don tsochaí ina hiomláine.

Bunaítear an cinneadh ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an chéad tacair spriocanna coitianta sábháilteachta, a glacadh in 2010 agus a mbeidh an dara tacar seo á chur ina n-ionad anois.

Tá an dréachtghníomh dlíthiúil faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú; anois agus a toiliú tugtha ag an gComhairle, féadfaidh an Coimisiún an gníomh sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne.

## *DLÍ AN BHIA*

**Dathanna bia - Rialú dé-ocsainí agus ábhair shalaithe eile in earraí bia**

Chinn an Chomhairle gan dul i gcoinne dhá dhréacht-rialachán a bheith á ghlacadh ag an gCoimisiún:

– lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 1333/2008 maidir le coinníollacha úsáide agus na leibhéil úsáide do na dathanna bia Buí Cuineoilín (E 104), Buí Fuineadh Gréine FSF/Cróchbhuí S (E 110) agus Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A (E 124) (*16705/2/11 REV 2)*; agus

– modhanna samplála agus anailíse a leagan síos chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar leibhéil na ndé-ocsainí, na ndéfheinilí polaclóirínithe (PCBanna) dé-oscaineacha agus neamh-dhé-oscaineacha in earraí bia áirithe (*18587/11)*.

Tá na dréachtrialacháin sin faoi réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ciallaíonn sé sin, anois agus a toiliú tugtha ag an gComhairle, go bhféadfaidh an Coimisiún na rialacháin sin a ghlacadh mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina gcoinne.

## *CULTÚR*

**Painéal an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh - Ceapacháin**

Cheap an Chomhairle Francisco Prado-Vilar, Csilla Hegedüs, Irma Grigaitiené agus Michel Thomas-Penette mar chomhaltaí ar an bpainéal Eorpach a bheidh freagrach as láithreáin a roghnú a mbronnfar an Lipéal Oidhreachta Eorpach orthu *(6274/12)*.

Féadfar an Lipéad Oidhreachta Eorpacha sin a bhronnadh ar láithreáin lena mbaineann luach an-siombalach - ní hamháin luach aeistéitiúil - i dtéarmaí stair agus oidhreacht na hEorpa (amhail séadchomharthaí, láithreáin nádúrtha, faoi uisce, seandálaíochta, tionsclaíocha nó uirbeacha, réada cultúrtha etc). Tá sé ar intinn leis braistint chómhuintearais shaoránaigh na hEorpa i ndáil leis an Eoraip a neartú, go háirithe i measc na ndaoine óga.